







SuperValu

# Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol








# Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí






Supporting the Sustainable Development Goals

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SuperValu

## Cuireadh tús le Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu in 1958 agus anois is é an tionscnamh is iomráití um inbhuanaitheacht agus comhshaol in Éirinn. Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus is le bród atá SuperValu á urrú ó 1991 i leith.

Déantar moltóireacht neamhspleách sa chomórtas faoi na hocht gcatagóir a leanas:

| | |
|---|---|
| **An Pobal – Pleanáil agus Rannphairtíocht** | **Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí** |
| **Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh** | **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar Féin** |
| **An Inbhuanaitheacht – Breis a Bhaint as Beagán** | **Slacht agus Rialú Bruscair** |
| **Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta** | **Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí** |

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, "Ár nDomhan a Chlaochlú".
Is é atá ag croílár an Chláir Oibre seo ná na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) ina léirítear gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe.
Feicfidh sibh ar fud na foirme iontrála na réimsí ina bhfuil na spriocanna seo ag teacht leis na catagóirí difriúla den chomórtas Bailte Slachtmhara. Cuirigí in iúl, faoi gach catagóir, má tá bhur dtionscadail nó tionscnaimh dírithe ar cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na spriocanna inbhuanaithe, más infheidhme.

Feicfidh sibh go bhfuil catagóir "Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí" ag teacht le spriocanna 11, 15 agus 17.




Ullmhaíodh an Lámhleabhar seo le hionchur ó phainéal náisiúnta na moltóirí Bailte Slachtmhara, agus tá sé roinnte ina chuideanna. Tá gach catagóir clúdaithe ina haonar, ach mar sin féin, níor chóir don iontrálaí na cuideanna a léamh ina n-aonar gan aird ar na cinn eile. Is tábhachtach an ról atá ag an tírdhreachú sa mholtóireacht ar Shráid-Dreacha & Spásanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe & Láithreacha Tithíochta, Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí, agus Néatacht & Srianadh Bruscair, agus mar sin breathnófar ar thírdhreachú i roinnt catagóirí. Spreagann muid sibh, mar sin, tagairt a dhéanamh do gach catagóir gan beann ar an tionscadal nó an tionscnamh atá ar

Féach freisin ar an mír a bhaineann le hEolas Ginearálta, ina bhfuil eolas luachmhar do na grúpaí Bailte Slachtmhara go léir.

Sa chuid seo, breathnóidh muid ar "Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí". Déan tagairt don bhileog scórála chun na marcanna don chatagóir seo a fheiceáil. Tá an téacs a leanas le feiceáil ar an bhfoirm iontrála chun cabhair leis an iontrálaí agus an chuid seo den fhoirm iontrála á comhlíonadh acu:

Cur i láthair oiriúnach de bhóithre isteach, lena n-áirítear imill na mbóithre agus cóireáil a dteorainneacha. Dreach shráideanna an bhaile nó sráidbhaile, bóithre ceangail, timpeallán laistigh den limistéar 60kph, lánaí, droichead agus lánaí rothair.
Soláthar rochtana ionchuimsitheach agus ceangal do choisithe.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland






# BÓITHRE ISTEACH, SRÁIDEANNA & LÁNAÍ

Sa chatagóir seo breathnaítear ar gach gné de bhóithre isteach, sráideanna agus lánaí in ionad Bailte Slachtmhara. Is ar an líonra bóithre inár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte a ghluaiseann carranna, feithiclí iompair phoiblí, rothaithe agus coisithe. Mar thoradh air sin, is iad na príomhphointí machnaimh faoin chatagóir seo ná an dreach, an fheidhmiúlacht agus an áisiúlacht atá á gcur ar fáil do thiománaithe, rothaithe agus coisithe agus ba cheart machnamh a dhéanamh fúthu nuair atá tionscadail chothabhála nó feabhsúcháin á gceapadh ag grúpaí Bailte Slachtmhara agus a gcomhpháirtithe tionscadail sna hÚdaráis Áitiúla, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Náisiúnta (ar nós Bhonneagar Iompair Éireann).

Tá tionchar mór freisin ag na líonraí bóithre inár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte ar ár gcumas na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Baineann an tionchar seo go príomha le conas a roinntear spás bóthair idir mhodhanna difriúla iompair, mar is é an toradh a bheidhar dhrochsholáthar do rothaithe, coisithe agus úsáideoirí iompair phoiblí ná go seachnóidh daoine na modhanna inbhuanaithe seo agus go mbainfidh siad úsáid as carranna príobháideacha ina n-áit. Faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tá de cheangal orainn ár n-iompraíocht iompair a athrú trí mhodhanna taistil ghníomhaigh a úsáid (cosúil le rothaíocht agus siúl) agus úsáid níos minice a bhaint as iompar poiblí. Baineann 3 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) leis an gcatagóir seo – Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe a Fhorbairt(Sprioc 11), Beathra ar Thalamh (Sprioc 15) agus Comhpháirtíochtaí ar mhaithe leis na Spriocanna (Sprioc 17). Ba cheart go mbeadh grúpaí Bailte Slachtmhara ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil le tionscadail faoin chatagóir seo chun na SFIanna seo a bhaint amach, go háirithe ó thaobh taisteal gníomhach (cosúil le rothaíocht agus siúl) a chur chun cinn agus an t-iompar poiblí a dhéanamh níos taitneamhaí.

## Breathnaíonn an Moltóir ar

Chur i láthair agus dreach na nithe seo a leanas:

- Bóithre isteach, cosúil le ciumhaiseanna bóithre agus cóireáil teorainneacha
- Sráideanna agus bóithre ceangail sna bailte/sráidbhailte
- Timpealláin laistigh den limistéar 60kph
- Lánaí, láithreacha cúil agus droichid
- Lánaí rothair
- Ceangail do choisithe agus rochtain ionchuimsitheach
- Cabhair le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**Tabhair faoi deara:** Meabhraítear do ghrúpaí agus deonaithe Bailte Slachtmhara go bhfuil tús áite i gcónaí ag a sábháilteacht agus a leas. Ar mhaithe le sábháilteacht na ndeonaithe eile, spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara comhairle a lorg ón Gharda Síochána sula dtugann siad faoi thionscadail ar bith ar bhóithre, taobhanna bóithre agus ciumhaiseanna bóithre.

## BÓITHRE ISTEACH, LENA nÁIRÍTEAR CIUMHAISEANNA BÓITHRE AGUS CÓIREÁIL AR THEORAINNEACHA

Tá an chéad imprisean ar chathair, baile nó sráidbhaile go mór faoi thionchar ag cuma agus bail a mbóithre isteach. Is fíor-oiriúnach atá sé crainn a chur chun cabhsaí a chruthú ar na bóithre isteach, a chuireann feabhas mór ar an dreach agus a léiríonn gur ag teacht isteach i mbaile nó sráidbhaile atá tú. Is féidir teacht ar threoir faoi rogha crann agus iarchúram sa chuid den Lámhleabhar dar teideal 'Spásanna Glasa agus Tírdhreachú'.

Tagraítear do bhóithre isteach mar 'fhuinneog siopa' an bhaile nó an tsráidbhaile go minic, agus is tábhachtach go gcoinnítear bail mhaith orthu faoin chatagóir seo go háirithe. Braitheann dreach na mbóithre isteach ar choinníollacha éagsúla ar nós bail dhromchla
an bhóthair, bail na marcanna bóthair agus bail na comharthaíochta.
Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh an fhreagracht as na coinníollacha seo ag na hÚdaráis Áitiúla nó ag Bonneagar Iompair Éireann. Mar sin féin, spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara teagmháil a dhéanamh lena nÚdaráis Áitiúla nó le Bonneagar Iompair Éireann chun cabhair s'acu a lorg chun réiteach a fháil ar fhadhb le dreach nó feidhmiúlacht a mbóithre isteach.

Tá tábhacht le cuma chiumhaiseanna na mbóithre freisin agus ba cheart cothabháil rialta a dhéanamh orthu. Is féidir feabhas a chur ar chiumhaiseanna trí bhruscar a ghlanadh, crainn a chur agus comharthaíocht a chothabháil. Ba cheart tranglam, a tharlaíonn mar gheall ar chomharthaíocht shealadach nó gnéithe eile go minic, a sheachaint. Ba cheart tabhairt faoi lomadh féir freisin, ach ba cheart smaoineamh faoi 'stráicí' fiadhúlra d'fhásra a choinneáil ar feadh na gciumhaiseanna bóthair ar mhaithe le gnáthóga a chothabháil agus bithéagsúlacht a chur chun cinn. Is féidir le speicis cosúil le féar fada, bláthanna fiáine agus neantóga a bheith sna stráicí fiadhúlra seo. Tá dreach na mbóithre isteach faoi thionchar ag bail na dteorainneacha freisin.
Ba cheart bearnaí nó scoilteanna i bhfálta agus ballaí cloiche a chóiriú. Ba cheart smaoineamh faoi theorainneacha nádúrtha, mar shampla fálta sceach, a choinneáil nó a chur, toisc go gcuireann siad leis an mbithéagsúlacht agus go n-oireann siad do thimpeallachtaí tuaithe. Má tá gá le fálú timpeall ar thalamh feirme nó réadmhaoin phríobháideach, ba cheart an fálú sin a chur laistigh de na teorainneacha nádúrtha.

## SRÁIDEANNA AGUS BÓITHRE CEANGAIL I mBAILTE / SRÁIDBHAILTE

Is feiceálach a bhíonn sráideanna atá suite i lár bailte nó sráidbhailte de ghnách, agus is iontu a bhíonn an líon is mó carranna, rothaithe agus coisithe. Mar sin, ní mór cothabháil rialta a dhéanamh ar lárshráideanna bailte agus sráidbhailte chun a chinntiú go bhfuil an chuma is fearr orthu agus chun imprisean dearfach a chruthú do chuairteoirí agus muintir na háite. Iarrtar ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara díriú ar bhaint bruscair, baint lustain agus tascanna ginearálta cothabhála eile chun dreach néata a chinntiú. Chomh maith leis sin, ba cheart do ghrúpaí réiteach a fháil ar na fadhbanna eile a imríonn tionchar ar chuma na háite, cosúil le bail dhromchla na mbóithre agus na gcosán, troscáin sráide (m.sh. suíocháin phoiblí agus ealaíon poiblí), na mboscaí bruscair agus na gcuaillí solais, trí phlé a dhéanamh ina leith le grúpaí sainleasa eile cosúil le Cumainn Cónaitheoirí, Comhlachais Tráchtála nó Cumainn Trádálaithe Áitiúla, agus leis an Údarás Áitiúil ábhartha freisin. Tá fáilte roimh chomhpháirtíochtaí idir grúpaí Bailte Slachtmhara agus gnólachtaí áitiúla chun lárshráideanna i mbailte agus sráidbhailte a chothabháil. Cé gur lú trácht feithiclí agus coisithe a bhíonn ar bhóthair cheangail ná lárshráideanna, moltar go ndéanfar cothabháil orthu freisin, ach ní gá í a dhéanamh chomh minic céanna leis an gcothabháil ar na sráideanna níos gnóthaí.



## TIMPEALLÁIN LAISTIGH DEN LIMISTÉAR 60KPH

In go leor bailte móra, is é an timpeallán an teorainn idir an timpeallacht tuaithe agus an timpeallacht uirbeach, agus is minic a úsáidtear iad chun ealaíon poiblí agus gnéithe den tírdhreach a léiriú. Is féidir leis an gcleachtas seo a bheith an-éifeachtach ó thaobh suaithinseacht an tsráidbhaile, an bhaile nó na cathrach a léiriú agus cruthaíonn sé imprisean dearfach
do mhuintir na háite agus do chuairteoirí. Cé go spreagtar grúpaí Bailte Slachtmhara chun machnamh a dhéanamh faoin chur chuige seo a ghlacadh in áiteanna nua agus leanúint leis sna háiteanna ina bhfuil sé cheana, ba cheart tabhairt faoi deara gur gá comhairle a fháil ó na hÚdaráis ábhartha (bíodh sin an Chomhairle Cathrach nó Contae agus / nó Bonneagar Iompair Éireann) sula dtugtar faoi obair ar bith.





## LÁNAÍ, LÁITHREACHA CÚIL AGUS DROICHID

Gné nua i mbailte iad na bóithre faoisimh a forbraíodh, in éineacht le carrchlóis ar chúl sráideanna siopadóireachta, agus is gnéithe tábhachtacha i moltóireacht Bailte Slachtmhara anois iad cur i láthair lánaí, taobh-bhóithre agus láithreacha cúil. Aithníodh réimse fadhbanna coitianta ar a n-áirítear foirgnimh, botháin agus ballaí a bhfuil drochbhail orthu, ábhar a dumpáladh agus an dreach a bhíonn ar chúil foirgneamh. Moltar go láidir go ndéileálfar leis na fadhbanna thuas nuair atá carrchlóis nua i láithreacha cúil ag céim an deartha nó nuair atá carrchlóis reatha á n-uasghrádú nó á bhfeabhsú.

Nuair atá bóithre nua á dtógáil go láithreacha cúil, ba cheart iad a thírdhreachú trí líon mór crann agus tor a chur, agus ba cheart go mbeadh na ballaí, an t-ábhar pábhála agus an tógáil a bheith ag teacht leis an gceantar máguaird. Is féidir sciatha nó múrphictiúir tharraingteacha a úsáid chun clóis chúil agus láithreacha seirbhíse nach bhfuil tarraingteach a chur i bhfolach. Mholfadh muid gníomhartha cosúil le crainn agus toir a chur chun cúil foirgneamh a chlúdach, ballaí agus foirgnimh thréigthe a leagan (faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, b'fhéidir), ballaí agus sconsaí nua a thógáil (agus cinnte á dhéanamh nach n-úsáidtear stíleanna agus ábhair fálaithe nach bhfuil ag teacht leis an gceantar), ceapaigh plandaí bhuana, agus ballaí a aoldathú. Níor cheart cur isteach ar sheanbhallaí a thacaíonn le gnáthlusanna balla cosúil le caorthann, raithneach, cornán caisil, duilleascar agus caonach, toisc gur minic go dtacaíonn siad leis an mbithéagsúlacht. Is féidir le droichid bhóthair agus iarnróid a bheith ina ngnéithe mealltacha suaithinseacha inár gcathracha, bailte agus sráidbhailte. Spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara comhoibriú leis na hÚdaráis ábhartha (cosúil lena nÚdarás Áitiúil nó Iarnród Éireann) chun a chinntiú go gcaomhnaítear agus go ndéantar cothabháil ar na gnéithe seo nuair is féidir.

Tugtar cuma na gcarrchlós san áireamh sa mholtóireacht. Ba cheart go mbeadh comharthaíocht mhaith sna carrchlóis, in éineacht le dromchla tarmac, cloichíní scaoilte bóthair nó grin, agus ba cheart go mbeadh teorainn de bhallaí cloiche, ráillí adhmaid nó mullaird mórthimpeall orthu. Ba cheart go mbeadh dóthain solais iontu. Tá fáilte roimh phlandú crann ar mhaithe le foscadh i gcarrchlóis, cosúil le teile, seiceamar nó plána, ach ba cheart iad a chosaint ó fheithiclí le colbhaí nó mullaird. Bígí aireach, agus cineálacha crann á roghnú, faoi dhamáiste do charranna ó shalachar ag titim ó éin atá ar an bhfara sna crainn.

## LÁNAÍ ROTHAIR

Tá athbheochan ag teacht faoin rothaíocht inár mbailte agus cathracha le tuilleadh daoine, de gach aois, ag baint úsáid as rothair chun taisteal chun na hoibre, na scoile nó an choláiste, agus chun aclaíocht a dhéanamh.
Is iomaí buntáiste a bhaineann leis seo cosúil leis an bhfeabhas ar chaighdeán aeir i gceantair uirbeacha, agus laghdú ar astaíochtaí carbóin
agus ar bhrú tráchta. Tá borradh faoin turasóireacht freisin mar gheall ar na glasbhealaí a forbraíodh. Mar sin, is ciallmhar an beart é cur leis an líon daoine a bhíonn i mbun rothaíochta. Is féidir é seo a bhaint amach trí fheabhas a chur ar na háiseanna atá ann cheana do rothaithe, cosúil le conairí rothaíochta agus glasbhealaí, trí chinnte a dhéanamh go gcoinnítear na conairí rothaíochta ar ardchaighdeán agus trí iarraidh ar Údaráis Áitiúla aghaidh a thabhairt ar lochtanna i ndromchla agus comharthaíocht na lánaí rothaíochta.

Is bealach maith iad feabhsúcháin ar áiseanna rothaíochta chun taisteal gníomhach a chur chun cinn agus chun ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.
Roinnt feabhsúchán a mholfadh muid ná glasbhealaí thiomanta a fhorbairt do rothaithe agus coisithe, spás bóthair a athdháileadh chun conairí rothaíochta a chur ar fáil ar bhóithre agus sráideanna atá ann cheana, agus láithreacha páirceála rothaíochta a fhorbairt, faoi fhoscadh más féidir. Spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara comhoibriú a dhéanamh lena nÚdaráis Áitiúla chun láithreacha atá oiriúnach do ghlasbhealaí a shainaithint,

toisc go mbeadh buntáistí do mhuintir na háite agus do chuairteoirí i gceist leis na háiseanna seo. Ba cheart láithreacha páirceála rothaíochta a fhorbairt i láithreacha lárnacha atá an-fheiceálach agus a bhfuil soilsiú poiblí maith iontu. Spreagtar do ghrúpaí obair a dhéanamh le scoileanna, Údaráis Áitiúla agus clubanna chun deiseanna a aithint i gcomhair bealaí rothaíochta shábháilte a fhorbairt ar bhóithre atá ann cheana (mar shampla, idir láithreacha tithíochta, scoileanna, páirceanna agus tailte spóirt). Ba cheart do ghrúpaí smaoineamh faoi iniúchtaí a dhéanamh ar lánaí rothaíochta agus láithreacha páirceála rothaíochta ina mbailte agus sráidbhailte chun bearnaí sna bealaí a aimsiú, in éineacht le feabhsúcháin ar bith a thiocfadh leo a dhéanamh. Thiocfadh leo tabhairt faoi na hiniúchtaí seo le cuidiú ó scoileanna, clubanna óige agus spóirt, agus / nó clubanna rothaíochta áitiúla agus ba cheart na torthaí a phlé le hÚdaráis Áitiúla nó le Bonneagar Iompair Éireann.

## CEANGAIL DO CHOISITHE AGUS ROCHTAIN IONCHUIMSITHEACH


Is tábhachtach an modh taistil í an siúl do gach aoisghrúpa, ach go háirithe do leanaí agus daoine aosta. De bharr sin, is ábhair thábhachtacha sa mholtóireacht iad cuma, bail, agus inúsáidteacht cosán agus ceangal do choisithe laistigh de cheantar Bailte Slachtmhara. Spreagtar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara aird ghrinn a thabhairt ar chuma agus bail cosán ar fud a gceantar trí bhruscar agus lustan a ghlanadh (go háirithe ar na colbhaí). Chomh maith, mholfadh muid do ghrúpaí breathnú ar áisiúlacht na gceangal agus na gcosán do choisithe timpeall
Áiseanna Pobail (cosúil le scoileanna, séipéil, hallaí pobail agus páirceanna), láithreacha iompair phoiblí (stadanna bus agus stáisiúin traenach) agus siopaí. Cuirtear in aghaidh an tsiúil le cosáin chúnga, bearnaí sa chosán agus droch-dhromchlaí, agus cuirtear isteach ar an áisiúlacht do choisithe. Thiocfadh le fadhbanna teacht ó chomharthaí nó cuaillí solais, fostáisiúin, boscaí bruscair agus troscán sráide atá suite go mí-oiriúnach. Ceist thábhachtach í an rochtain ionchuimsitheach, go háirithe do dhaoine le lagú gluaiseachta, daoine aosta agus tuismitheoirí le naíchóistí nó bugaithe. Ba cheart go mbeadh leithead go leor ag na cosáin, le dromchla de chaighdeán inghlactha, agus leacú á chur ar fáil ag na hacomhail chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis na caighdeáin don rochtain ionchuimsitheach.
Ba cheart na 'Guaiseacha Tuisle' ar na cosáin agus dromchlaí siúil i gcoitinne a thabhairt faoi deara. Moltar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara na hábhair seo a thabhairt faoi deara agus iad ag tabhairt faoina n-oibreacha cothabhála, agus ba cheart dóibh dul i gcomhairle lena nÚdaráis Áitiúla i ndáil le lochtanna a chóiriú agus feabhsuithe a dhéanamh.

Is fearr an t-eispéireas a bheadh ann do choisithe le ceangail d'ardchaighdeán ann dóibh, atá inrochtana do chách agus a ndéantar cothabháil rialta orthu. Thiocfadh athrú ar iompraíocht iompair trí thuilleadh daoine a spreagadh chun siúil agus gan a gcarranna a úsáid i gcomhair turas gearr. Cabhróidh sé seo linn chun ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí astaíochtaí carbóin a laghdú, srian a chur le brú tráchta agus caighdeán aeir a fheabhsú.

## CONCLÚID

Mar sin, tá dhá fheidhm shuntasacha ag grúpaí Bailte Slachtmhara faoin chatagóir seo. Baineann an chéad cheann
le cinntiú a dhéanamh go ndéantar cothabháil rialta ar an líonra bóithre isteach, sráideanna, lánaí, bealach rothaíochta, cosán, agus láithreacha cúil in bhur gceantar, agus go bhfuil cuma mhaith orthu. Ba cheart tabhairt faoin fheidhm seo i gcomhar le grúpaí deonacha eile agus leis an Údarás Áitiúil.

Baineann an dara feidhm le lochtanna a aithint nach mór iad a chóiriú, in éineacht le feabhsúcháin a bhfuil gá leo chun cuidiú linn ár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Mholfadh muid freisin go n-oibreodh grúpaí go dlúth leis na hÚdaráis Náisiúnta agus Áitiúla ábhartha chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus na feabhsúcháin riachtanacha a thabhairt i gcrích ar bhonn céimnithe.



## TREOIR EILE

Tá treoir mhionsonraithe faoi dhearadh scéimeanna nua bóithre uirbeacha agus sráideanna ar fáil sa Lámhleabhar um Dhearadh Bóithre Uirbeacha agus Sráideanna (DMURS) atá ar fáil i mBéarla ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag www. dmurs.ie agus tá eolas forlíontach faoi lámhleabhar DMURS ar fáil ag www.dmurs.ie/ supplementary-material.





## NÓTAÍ